


# Gaeilteacht

18u la Bealtaine 1973


Iml. I Uimhir 8.

Gach coicis

LUACH 6p.



Rita Ní Thiománaí agus Liam Ó Dúfaigh as na Rossa a pósadh ar an Chlochán Liath tá goirid o'shin. An tAthair Conchubhar Ó Caoimh a phós iad.



An Earagail.

Grianghráf le Micheál Ó Gallchóir, An Bun Beag.

## ÉIGSE RANN NA FEIRSTE

Ag cur críoch le hÉigse Rann na Feirsde Dé Domhnaigh seo a chuaigh thart duirt an tOllamh Proinnsias Mac Cana go raibh síúl aige nach raibh anseo ach tú agus go mbeadh Éigse Rann na Feirsde mar imeacht bliantúil as seo amach. Thar aon Éigse eile ghlac muintir na haite, go hiomlán agus go huile, pairt ghníomhach i ngach gné den Éigse.

Tráthnóna Dé hAoine a fosclaíodh an Éigse. Bhí trí Bannai Ceoil i láthair, dha'cheann as Gaoth Dobhair agus Banna Scoil Rann na Feirsde. Thar cheann mhuintir na háite chuir Seán Báin Mac Griana failte roimh na cuirteoirí uilig.

Ina dhiaidh sin thug Criostóir Mac Aonghusa an chéad léacht ar "Irisheoireacht 'Mháire'" thrácht se ar na haltana a scríobh Seamus Ó Griana in Iris leabhair agus páipéar nuafochta. Níl teacht ar an chuid is mó acu seo abois ach san Leabharlann Náisiúnta i mBaile Atha Cliath.

De Sathairn bhi dha abhar idir chamaanaibh "Seanchas agus Scealaíocht le Séamus Ó Catháin as Ollscoile na Gaillimhe agus Gearr Scealta Mháire leis an tAthair

Breandán Ó Doibhlinn agus Diarmuid Ó Doibhlinn. Ba iad an bheirt Chathaoirleach nó Donnchadh Mac Fhionlaoich Bunbeag agus Aindreas Ó Gallchóir, ceannaire Radio na Gaeilteachta.

Cé go raibh sé ar intinn ag lucht freastal na hÉigse a dhul go Gabhla iar-noin Dé Sathairn nior éirí leo mar go raibh an lá ró gharbh. Oiche Shathairn leírigh Aisteoirí Rann na Feirsde drama bunaithe ar sceal de chuid Mháire. Bhí daoine as na trí paroistí i láthair chomh maith leis na cuairteoirí a thainig as ní bfhaise ar shúil.

Indiaidh Aifreann Uí Riada a léigh an tAthair Eoghan Ó Fríil Dé Domhnaigh bhí riomposiún fáiltíocht agus saíocht na Gaeilteachta 1980. Ar na cainteoirí bhí an tAth Tomás Ó Fiach, an tOllamh Gearóid Mac Eoin, antOllamh Gearóid Stocman agus Pádraig Ó Baoill as Rann na Feirsde ata ina fheidhreanach le Gael-Linn.

Le linn na hÉigse cuireadh amach ceirnín de chuid ceoil Rann na Feirsde.

D'fhogair an tOllamh Mac Cana go bhfuil sé ar intinn aige na leáchtáil uilig a fhillsiú i leabhrán.

## Pobal Scoil

I LITIR A CHUIR COISTE NA DTUISMITHEOIRI, GAOTH DOBHAIR, CHUIG AN AIRE OIDEACHAIS, AN TUSAL RISTEARD DE BURCA, T.D. CHUIR SIAD A GCAS MAR SEO LEANAS,

1. Pobal de bheagnach mile teaghlaigh atá i gceist, pobal briomhar a obairíonn go dícheallach i monarcain, ar bháid-iascaireachta, agus ar an talamh. Pobal gurbí an Ghaeilge a ngath-theanga laethuil. Pobal atá ag iarraigh iar bhun-oideachas den scoith don aos og.
  2. Cosúil le tuismitheoirí ait ar bith sa tír, is mian linn anseo seans cheart a bheith ag ar bpáistí. Is maith linn scéim na Scoil Pobail agus cuireadh sin in iúl nuair a fógraíodh é. Gealladh scoil mar sin duiinn agus ceann eile i gCarn Domhnach, ach níl socrú faci shuionmh fiú amháin go foill don scoil Gaeilteachta.
  3. Taréis sé bliana deir an Roinn Oideachais le Coiste na dtuismitheoirí gurbé cúis na moille nach bhfuil na figiúirí sa chuid seo den Gaeilteachta chun Scoil Pobail de mhéid iomlán a chothú. (San am cheanna admhaíonn an Roinn gur orthu' cuid den locht' nach féidir ceannairt Gaeilteachta eile a chur leis na figiúirí ceanna.) Níl aon amhras orainn nach bhfuil pobal na Gaeilteachta láidir go leor chun go n-éiríodh go maith le Scoil Phobail:
  - (a) Idir Gaoth Dobhair agus Rann na Feirsde ta go maith o'cinn níl gcead teaghlaigh agus is ag dul i meid atá an uimhir sin. Ta tithe ura a dtogail go fluirseach sa cheanntar.
  - (b) Leirionn rollai na mbunscoil go bhfuil uimhir ard ag freastal orthu go bhfuil na figiúirí follain sna ranganna náinéan. Chomh maith leis sin ta an oiread paisti fos ag baile is a choineoidh na bunscolanna Ian agus na muinteoiri gnaitheach.
  - (c) Rud sonrathach an meid teaghlaigh iomlán a thainig arais o Albain, no a thainig na gconaisa chuid seo den Gaeilteachta o phairteanna eile d'Eirinn (msh. Beal Feirste, Lúimneach, Corcaigh, agus Doire.) Thainig ar a laghad 72 teaghlaigh go bhfuil paisti-scoile acu isteach i bParoiste Gaoth Dobhair agus níl dteaghlaigh eile go Scoil Cheanntar Rann na Feirste le 5 bliana anuas.
  4. Scoil Gaeilteachta ata uainn, suite i lar an Phobail Gaeilteachta. Mar ni main linn an taos ag a bheith ar shiul o lar an phobail i rith an lae. Is mian linn an scoil a bheith in usaid ag an dream fasta chomh maith, i.e. go mbeadh se ina Scoil don phobail go fior.
  5. Ta muid ag iarraidh ort, a Aire, socru a dheanamh, agus a fhogairt anois, go dtogtar Scoil-Phobail Ian-Ghaelach sinnseach i gceart iar Gaeilteachta iar-Thuaisceir Thir Chonaill.
- Is e ceart an phobail e o thaobh oideachais e. Muna dtogtar e ni bheidh oideachas iomlán ina dteanga le fail acu gan an ceanntar a fhagail. Ta athas orainn iar-bhunoideachas Ian-Ghaelach a bheith i mBaile Atha Cliath agus i gCorcaigh. Is e ceart na dtuismitheoirí agus na ndaltaí ansin e. Ach an gceilfear ar an phobal Gaeilteachta is laidre i gCuige Uladh an cheart ceanna?



SLISEANNA UACHTAR  
PIBIR-MIONTA

## Comhgaisí

4 unsa Buioch  
½ Sp. bheag púdar bacála  
1 Cupán plúir  
2unsa siucra mín  
2 mhean sp. Coco  
1 Cupán Cnó Coco

## AN CLÚDÚ

½ pt. Seaclaid dubh (bloc)

## AN LÍONADH

2 unsa Buioch  
1-2 deora sú pibirmionta  
3 unsa siúcra reoite  
Dathú glas.

## AN MODH.

- Uachtaraigh an buioch agus an siúcra mín, agus cuir le sin na comhgaisí uile uilig.
- Cuir isteach i stan bealaithe Rolla Eilbhise é.
- Bacáil 20-30 bomaití i noighean measartha te é. Lig dó fuarú.
- Uillhaigh an líonadh; Uachtaraigh an buiochagus an siúcra reoite. Cur le seo an bláisiú agus an dathú. Lig dó fuarú agus spreidh ar an mheascán é.
- Nuair tá sé breá fuar spreidh an seaclaid leaigthe air.
- Nuair atá seo siocaithe, gearr ina sliseanna é.

Tuairisc ón Eoraip

# Láirionad do Óige na hEorpa

Gan amhras is é Láirionad do Óige na hEorpa i Strasburg an gniomh is suntasaí de chuid Chomhairle na hEorpa. Ní amháin de bharr an foirgnimh é sin, ceann de na foirgnimh is sásula sa phriomhchathair Eorpach nach raibh róchostasach da dhear-scaí, ach cionnas gur cruthú beo é gur féidir d' eagraíocht idimáisiúnta beart a dhéanamh de réir a briathra.

Mar a tharlaíonn go minic thosaigh sé le smaoineamh simplí. Ba cheart go mbeadh faill ag an óige chun a ndearcadh a noctadh i dtaoibh céin cineal saoil a ba mhaith leo a bheith acu amach anseo i dtreo go bhfeadh-fadh daoine fásta cuidiú leo lena gcleachtadh agus lena gcumhacht chun an saol sin a chur ar fáil dóibh féin.

Ar dtús bhí comhcheangal ag eagrais idirnáisiúnta na hóige le hobair Chomhairle na hEorpa comh-airleach ach ba léir roimh i bhfad gur riachtanach dul níb fhaidé ná sin agus láthair agus gléas noctha smaointe a bheith ag an óige dóibh féin.

Tháinig Láirionad do Óige na hEorpa i bhfeidhm mar thríail i 1954. Eagraíodh cursaí agus cruthaíodh gur thairbheach an modh é agus bhfeadh-fadh Comhairle na hEorpa agus cuidiú úsáideach a thabhairt d' eagrais na hEorpa agus cuidiú a fháil uathu.

De réir a chéile chonachthas gurbh fhearr roinnt feinrialach a thabhairt do Láirionad do Óige na hEorpa agus a n-aithrimh féin ina bhfeadfaidis oibriú go hiomlán dóibh féin.

Soileáiríonn an Reacht an pointe seo: "mar ionstraim phairtíochta na hÓige agus na n-eagras neamh-rialtais óige i dtogáil na hEorpa seo na haidhmeanna;

(a) chun breis oiliuna a thabhairt do threoreithe na hóige i gcomhtheacs Eorpach;

(b) chun ait tionoil a sholathair d' eagrais óige neamhrialtais le tuiscint idirnáisiúnta a chur chun cinn i dtaoibh na gcearta daonna agus na mbunsaoirsí, agus le mionstaidear a dhéanamh ar fhadháin na hEorpa;

(c) chun modhanna a lorg, ach go hairithe, a chinnteoidh go mbeidh an óige rannphairteach i réiteach na bhfadháin a bhaineann leo féin;

hóige a chur chún cinn tri mhálatú smaointe agus ciall cheannaithe."

Chuir cathair Strasburg suim sa tionscnamh agus chuir láthair chuige ar fáil i ler an chreasa ghais ar 17 bpunt. Sholáthraigh rialtas na hloruaidhe beirt ailtire chun na pleannana tosaigh don fhoirgneamh a ullmhú. Tá an fhoirgneamh á úsáid le roinnt mhaith mionna anois agus i 1973 beidh sé bliain i bhfeidhm.

## ABHAR MUININE

Pleanailtear ceithre chúrsa dhéag i Strasburg, chomh maith le trí chúrsa i bhFraincis, i mBéarla agus i nGearmainis labhartha a mhaireann 42 lá.

Seo leanas mar a tharlaíonn de bharr na socruithe sin. Is féidir do gach eargas óige neamhrialtais dar thug Chomhairle na hEorpa stadas comhairleach, ar an acht go bhfuil a chomhdhéanamh fíor-idirnáisiúnta, is féidir do cursa a mholadh. Déanann an Bord Rialaithe staidear ar na moltaí sin.

Tá an Bord sin comhdhéanta de ochtar ionadaí rialtais agus ochtar ionadaí d' eagrais óige neamhrialtais a ainmníonn siad féin. Chomh maith le clár an Láirionaid a leagan amach is ar an mBord a bhíonn an fhreagracht an clár sin a chur i bhfeidhm, agus an Láirionad a rith go cui. Tromlach de dhá thrian is riachtanach do na cinnti.

Da bhí sin leagann an Bord dreachtaíl amach agus cuireann faoi bhráid Coiste na nAiri é a sholáthraíonn an t-airgead. Ansin socraíonn an Bord an clár da réir.

Don bhliain 1973 tá cursaí molta ag an gCoiste Eorpach do na Feirmeoirí Óga, do Chomhphobal Coimeadach agus Criostaí Daon-lathach na hÓige (Plean do Mharthanas na hEorpa), Comhcheangal Eorpach na gCeardchumann Saor (Oibrithé Imirceacha), Chomhcheangal Eorpach na hÓige Liobralaí agus Raidicí (Fadháin an Duine Aonair i gComhlúadar Tionsclaíoch Nua-aoiseach), Oibrithé Óga Criostáí, agus Aontas na gCriostaithe Óga Daonlathacha, etc..

Mar is léir, clúdaíonn sin speictream leathan d' eagraíochtaí agus tá na habhair faoi staidear ián chomh-

## Greene's Garage

Cortina 1968  
Renault 4L 1971  
Renault 4L 1972


V.W. 1967  
Mini 1969  
Cortina 1970  
Anglia 1964

Morris 1100 Van 1965  
Anglia 1966  
Morris 30cwt. Van

A.A. agus  
R.I.A.C.

## An Clochán Liath

Guthan  
14.



## AnCo

An Chomhairle Oiliúna

### Oiliúint agus Atholiúint do dhaoine fásta

Cuirtear na cursaí seo leanas ar fáil ag Ionad Oiliúna Anco, Ghaoth Dobhair, Maireann iomlán an chúrsa 20 seachtain.

- Cúrsa Insealbhú Tionsclach
- Cúrsa Faibhrithe Scileanna Bunúsach
- Cúrsaí Tathái
- Cúrsa Aire Tionsclach
- Cúrsa Oibriú Inneall
- Cúrsa Ginearálta do Oibrithé Togála

Oibreann an tlónad 40 uair sa tseachtain i dtímeallacht cosúil le monarchan. Tá an traenáil eagraithe de réir clár fhorleathain.

Iocatar liúntas seachtainiúil agus taistil leis na foghlaim-eoirí. Tá deontas iocáil a ioc festa do foghlaim-eoirí atá ar shíúil in bhaile.

Foirm iarratais agus gach eolas faoi liuntais traenála ó An Bainisteoir,  
AnCo - Ionad Oiliúna Tionsclaíoch,  
Na Doirí Beaga,  
Leitir Ceannainn,  
Co. Dhún na nGall.



DE SATHAIRN 19u Bealtaine

7.00 Nuacht agus aimsir. 7.06 Spoirt  
7.30 Seisiún. 8.00 Cinn línte agus  
Nuacht Aitiuil 8.03 Tuairisc Pearsanta  
8.30 A Ghloria, a Chara. 8.45 An  
Druma Mor. Ursceal cailiúil Sheos-  
amh Mhic Grianna a bhuaidh Duais  
an Bhuitleirigh a leamh ag Sean O  
Gallchoir ina dha mhír deag (Mir a  
16) 9.00 Nuacht agus Aimsir.

DE DOMHNAIGH 20u Bealtaine

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Sean  
Ban Breathnach. 8.00 Cinn línte agus  
Nuacht Aitiuil. 8.03 Deir se anseo.  
8.07 Learmheas. 8.30 Spoirt an  
Domhnaigh. 9.00 Nuacht agus Aimsir.  
9.15 Deireadh craolta.

DE LUAIN 21u Bealtaine

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Sibhse  
a phaisti. 7.30 Iris an Luain, comhra  
agus caibidil. 8.00 Cinn línte na  
Nuachta. 8.03 Iris an Luain, Cuid a  
do. 8.30 Eistigh liomsa Sealad.  
9.00 Nuacht agus Aimsir. 9.15  
Deireadh Craolta

DE MAIRT 22u Bealtaine

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06  
Togha agus Rogha. 8.00 Cinn línte  
na Nuachta. 8.03 Cre na Cille.  
8.30 Lan a mhala. 9.00 Nuacht agus  
Aimsir. 9.15 Deireadh Craolta.

DE CEADAOIN 23u Bealtaine

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Seal  
Le. 7.30 Iris na Ceadaoine. 8.00  
Cinn línte na Nuachta. 8.03 Iris na  
Ceadaoine Cuid a do. 8.30 Fadh-  
banna Gaeilge. 9.00 Nuacht agus  
Aimsir. 9.10 Toghachan don  
Uachtaranacht. 9.15 Deireadh  
Craolta.

DE DEARDAOIN 24u Bealtaine

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06  
Dibhse a mhna. 7.30 Si do Mhamu i  
8.00 Cinn línte na Nuachta. 8.03 An  
tSeachtain seo. 8.30 Sa mBruiseal.  
8.40 Rogha Gene Martin. 9.00 Nuacht  
agus Aimsir. 9.10 Toghachan don  
Uachtaranacht. 9.15 Deireadh Craolta

DE hAOINE 25u Bealtaine

Nuacht agus Aimsir. 7.06 Sibhse a  
phaisti 7.30 Iris na hAoine. 8.00  
Cinn línte na Nuachta. 8.03 Iris na  
hAoine. 8.30 San Díreachas an  
tSeachtain seo. 8.45 Lucht Leabhar  
agus Leinn. 9.00 Nuacht agus  
Aimsir 9.15 Deireadh Craolta.

### RÁTAÍ "GAELTACHT"

fríd an phost

Ainm .....	.....
Seoladh .....	.....
.....	.....
.....	.....
£ .....	.....

6 mhí £1.10p

1 bl. £2.20

Rátaí speisialta do ordú mór

### "GAELTACHT"

Clo' Na Rosann,  
Gaoth Dobhair,  
Leitir Ceanainn,  
Tír Chonaill.

# Gaoth Dobhair

Dé Ceadaoine i ndiaidh na Cásca  
cuireadh Anna Bean Uí Shé, bean  
dliodóra as Baile Átha Cliath.

B'as Gleann Tornán di ó dhúchais;  
Chaith sí treimse goirid i Mericeá le  
linn a h-óige, ach bhí sí ina cóinéar i  
Luimneach ó posadh í.

Gnímid combhrón le na teaghlaigh  
uilig go h-airid le na deirfiúr Bríd  
Bean Delap, le na dearthair Cathal,  
Le Meabha, Mairéad agus Eibhlís.  
Leis an dochtúr Pádraig Delap; An  
Guistuis Seán Delap, an tSúir Caoimhín  
d'ord Loreto, agus le Péigi, Le Cloinn  
Uí Dhonaill Dún Lúiche, clann Uí  
Dhochartaigh Lag na h-Uire agus  
gaoita i n-Albain agus i Meiriceá.

Aindeoin go raibh lá fluich fuar  
ann Diardaoin, bhí scaifte mór páistí  
agus muínteoiri i lathair i bpictiúrlann  
Doiri Beaga.

Thaisbean buion as Sasain pictúir  
an-shuimiúl ar ailse agus toitíni.

Imasc rudaí eile bhi comórtas ar  
siúl do aistí agus posteáirí ag taisbeant  
eifeacht na dtoitín ar shaol an duine.  
Iad seo a bhua na duaiseanna.

Pól Mac Cumhaill, scoil Mín a Chlád-  
aigh

Stiofán Mac Cormaic, Scoil Doiri  
Beaga

Maire T. Nic Giolla Bhríde, Scoil

Doiri Beaga

Peadar Mac Phillip, Scoil an

Bhun Bhig.

Bhí brón mór ar bhunadh Ghaoth  
Dobhair fá bhás taismeach Antoin Ó  
Searcaigh as Anagaire

Marbhadh i nAlbain é nuair a thit  
tollán isteach air. Tugadh a chorp a  
bhaile agus bhí torramh mór leis.  
Cuireadh i reilíg Anagaire é i  
ndiaidh Aifreann na marbh a leigh an  
tAthair O'Collum.

Na fir as Gaoth Dobhair a bhí ag  
obair fá Edinburgh bhí aithne mhaith  
acu air agus bhí siad buartha fá na  
bhás taismeach.

Chaill pobal Ghaoth Dobhair  
sean chara da gcuide. Fuair an Can-  
ónach ó h-Aroild bás i nAlbain le  
gairid. Ba ghnath leis cuairt a  
thabhairt anall go minic. Bhí sé i  
láthair ag foscladh an tseipéail úr  
Lá Féile Mhuire a chuaigh thart.  
Ba bheag smaointíú a bhí ag aon duine  
gur bi sin a chuairt dheireannach.  
Go ndearna Dia trocaire.


Cuireadh Manus C. Ó Fearraigh  
thall i gCalifornia.

Tá sé thall le fada. Gnímid  
combhrón le na ghaolaití uilig, i  
mBun a' leaca agus Síle i nDoire  
Beaga.

Rinne cupla fear as an cheanntar  
sar obair Domhnach amháin nuair a  
bhí an aimsir thirim ann.

Nuair a bhí Aodh Ó Fearraigh as  
an tSeascán Bheag ar a bhealach chun  
Aifrin thug sé fá dear an caorán i  
nDoire Beag ag dul ar theinidh.

Tháinig Eoghan Ó Gallchoir, Liam  
Ó Fearraigh agus Doimnic Ó Dugáin un  
tosaigh agus i ndiaidh mórán saothair  
d'éirigh leo an dóiteán a chur as.



BÁDAÍ AG CÉ AN BHUN BHIG

## DE BÚRCA

### AGUS CEARTA

### OIDEACHAIS

Beidh Risteárd de Búrca, Aire  
Oideachais, i nGaeltacht Thir  
Chonaill ar an Aoine an 25ú Bealtaine.  
Tá pobal na Gaeltachta in Iar Thuais-  
ceart Dhún na nGall ag súil go  
mbeidh dea-scéal le tabhairt dóibh  
fán scoil Phobail Ián-Ghaelach atá  
a iarraidh acu le blianta.

Tá cás na Gaeltachta curtha go  
laidir os comhair na Roinne Oideachais  
ag Comhairle Paróiste Ghaoth Dobhair  
agus ag Coiste na dTuismitheoirí.  
Cuireadh neart úr sa chás le goirid  
nuair a dhfogair pobal Gaelach Rann  
na Feirste go bhfuil siad ag seasamh  
taobh le Gaoth Dobhair san eileamh.

Tá beatha na Gaeltachta ag brath  
thar aon rud eile ar oideachas mar  
a dúirt Prionnsias Mac Canna agus e  
ag foscaill Éigse Rann na Feirste an  
mhí seo. Is maith ann é an tionscal,  
is riachtas é, ar sé ach ní leor é.  
Caithfear forbairt de achan chineál  
a dhéanamh taobh leis an tionscal-  
aíochta. I gcás na Gaeltachta caithfear  
an tOideachas a thabhairt i dteanga  
an phobail agus é bheith preamhaithe  
sa dúchas ma bhí Rath cheart le bheith  
air. Ní cheart don Ghaeltacht cur  
suas le scolanna nó le h-áiseanna  
den darna grád. Caithfidh siad  
cinntíú go bhfaigheadh siad a gceart,  
an scoith.

Tá cruthuithe ag Aire úr an Oid-  
eachais gur tábhachtach dó an  
Ghaeltacht. Tá súil againn nach  
ligeas do rud ar bith theacht idir é  
agus an gníomh stairiúl seo - a  
gcearta oideachais a thabhairt do  
Ghaeltacht larthair Uladh.

F.M.A.B.

## DROICHEAD

### THAR AN GHAOTH

Tá an limistéor Ghaeltachta  
leathan anseo in Iar-Thuaisceart  
Thír Chonaill. Tá pobal líonmháir  
againn ach níl an limistéar sin gan  
deacrachtáil cumarsáide.

Tá fhios againn uilig an droch  
bhoil a bhíonn ar phobal Thoraigh go  
minic de bharr droch-aimsire nuair  
nach mbíonn siad ábalta fáil amach  
go Machaire Rabartaigh. Bac eile  
ar ghlúaiseacht an phobail Ghael.  
tachta taobh istigh den limistéar is ea  
an-tinbhear no an Ghaoth idir na Rosa  
agus Paróiste Ghaoth Dobhair.  
Is féidir dul idir aí dái aí i mbad ní  
i ngluaistean ar ndóigh, ach níl aon  
tseirbhís rialta báid agus is turas  
fada go leor soir isteach go Croíl  
agus siar amach arís go Dobhar  
áit a thionntaíonn tú bealach an  
Bhun Bhig nó a théid tú ar aghaidh  
ó thuaidh go Gort a' Choirce.

Is fada daoine a rá go mba  
cheart droichead a chur trasna an  
Ghaoth ach níor tharla rud ar bith  
go foill. Tá an droichead san aer  
arís anois agus síleann go leor  
daoine ar an dá thaobh den uisce go  
bhfuil sé thar am stád den chaint agus  
dul ar aghaidh leis an obair.

An bhfuil sé indeánta ar chostas  
réasunta? Labhair mé le innealtóir  
a scríduitigh an tinbhear ar na mallaibh  
agus thug sé a bharrúil go raibh, gan  
aon amhras. Droichead crochta a  
mhol sé agus é ceangailte síos go  
daingeán ar na carraigreachea ar an  
dá thaobh. Droichead do choisithe  
a bhí ar an sceits a theaspáin sé  
domhach thiocfadh é a leathnú rud  
beag sa dóigh go dtogfad sé gluas-  
teain (bealach amháin san am)

Na buntaistí? Tá go mbeadh an  
turais ó Rann na Feirste go Gaoth  
Dobhair agus Gort a' Choirce  
gearrtha síos go mór. Tá daoine as  
Rann na Feirste ag obair ar an  
Scrabán a bhainfeadh tairbhe as,  
daltaí Iar-bhunscoile, daoine ag  
dul ar cuairt ar a muintir, scolairí  
Gaeilge agus turasoirí sa tSamhradh.  
Bheadh an dá pháirt seo den limistéar  
ceangailte agus an Gaeilge agus an  
Ghaeltacht níos laidre na ariamh.

Cibé ar bith, tá an droichead seo  
ina cheist bheo aris.

## Ó LAODAIGH

Tróscan, Cairpéid, Crua-earraí, Earraí  
grossaera, agus péint.

An Clochán Liath

Guthan 56.

# Thiar i nGleann Ceo

AR LEANSTAN

le Tadhg Ó Rabhartaigh

Bhí craos tine thíos ag Triona, ag gabháil isteach dó, agus a shuipéar bracháin choirce réidh fána choinne ar an bhac. Bhí sí féin agus an tseanbhean ag cur dornán miotóg agus stocai garbha i mbeairtin; óir Oiche Nollag Mór a bheadh ann an oiche arna mhárrach, agus bhí Triona ag gabháil go Baile na Sí ar maidin leis an bheairt seo agus le dornán uibheacha go bhfaigheadh sí cùig nó sé de scillingeacha orthu a chuirfeadh thart an Nollag dóibh chomh maith is thiocfadh leo.

"Aithním ort," é sa an tseanbhean, "nár éirigh go rómhaith leat."

Shuigh sé isteach os cionn na tine, agus d'inis sé a scéal dóibh. Nuair a bhí deireadh inste aige chuaigh Triona chuig an drisiúr, agus tháinig sí chuige leis an deich is dá phunt d'airead gheal.

"Na gasúr," ar sise, "a shaothraigh seo, gan fhiú don iomlán againn. Nach trua go gcaithfidh sé a ghabháil ar ais i bpóca Mhic Alastair, i ndiaidh ar fhulaing siad á bhaint de!"

Nior labhair sé focal léi. Ach d'amharc sé trasna ar an tseanbhean agus tocht air.

"Tá Dia láidir, a Ghráinne," ar seisean.

"Tá Sé thusa go fóill!" ar sise.

## OÍCHE NOLLAG MÓR

D'éirigh an ghrian go pléisiúrtha as cúl Shliabh an Iarainn maidin lá arna mhárrach, agus thosaigh sí a bhaint cuid den ghoimh as aer an tsiocáin agus an tsneachta. Bhí toit ag éiri in airde go caol díreach as simléirí ar fud an gheanna, agus chluinfeá coiligh ag freagairt a chéile i bhfad uait sa chíúns. Nuair a bhí an bricfeasta thart agus timireacht na maidine déanta ag Triona Nic Giolla Dé, thosaigh sí a dhéanamh réidh le ghabháil amach trasna an Bhradhléibhe go Baile na Sí. Chuir Peadar agus Feargal ina gceann go mbeadh siad léi, agus bhí siadsan, festa, á gcoiriú féin sna bratoga éadaigh ab fhéarr a bhí acu. Cultacha báinín bhrócaigh a chaith siad orthu; cultacha a raibh corrphaiste orthu, agus iad acu chomh fada sin go raibh siad i bhfad róbheag dóibh. Ní raibh ag aon fhéar acu ach aon phéire amháin bróg, bróga tromá a raibh tairní iontu agus crúite orthu. An Gréasaí Rua a rinne iad dóibh tamall maith roimhe sin; agus ba mhinnic ab éigean dó lorg a láimhe a fhágáil orthu idir an dá am, lena gcoinneáil i gceann a chéile dóibh a fhad is a thiocfadh leis.

D'éalaigh Triona anuas as an tseomra, agus í coirthe ina boinéad agus ina clóca gorm. Bhí a folt cnódhonn ag titim go healaonta idir a slinneáin, agus bhí ríbín ceangailte air aici fá chúl a muinil. Thug Feargal fá deara go raibh na bróga a bhí uirthi chomh caite agus nár bhí fhiú deisiú a chur orthu. Bhí an Gréasaí Rua iontach dea-lámhach, cinnte; ach ní thiocfadh leis mórúilti a dhéanamh. Bhí Úna sa chlúid agus pus uirthi cionn is nach ligfi leo chun an bhaile mhóir i.

"Thaisce," arsa an tseanbhean, "cad é a bheifeá thusa a dhéanamh amach trasna an Bhradhléibhe a leithéid de lá? Chaillfí thú, a pheata!"

"Ní chaillfí, maise!" arsa Úna, agus í de chóir a bheith ag gol. Chuaigh Peadar a gháirí fúithi. Dhearc Feargal uirthi ina suí go huaigneach i gcumá sa chlúid, a lámh bheag faoina smig aici, a gruaig ag titim fána stíle agus í ag amharc isteach i gcroí na tine. Tháinig trua aige di. Bhuaile tallann féile é, agus scairt sé sios chun an tseomra uirthi. Nuair a tháinig sí anois ar ais, bhí bonn sé pingne ina láimh aici, agus aoibh ar a stíle.

"Dheamhan i bhfad a mhair an tallann don pheata!" arsa Peadar, go scigiúil.

"Bí thusa i do thost, a Pheadair na súl dubh. Níl a fhios agat cad é atá Feargal ag gabháil a cheannach domsa!"

"Trumpa, creidim," arsa Peadar. "Sin nár fideog stáin. Is í a d'fhóireadh duit, a ghiodróig bheag."

"An ag déanamh atá tú go n-inseoidh mé duit é? Más ea, is mó an déarmad atá ort, a Pheadairín!"

"Sin an dóigh, 'Úna,' arsa Feargal. "Ná tabhair eolas ar bith don bhoc sin."

"Maise, gur mhéanar don triúr agaibh," arsa an sean-dúine, "dá bhfágadh an Rí i gcoíntí chomh saor ó bhuaireamh sibh is atá sibh fá láthair."

"D'imigh muid!" arsa Triona.

"Abair 'In ainm Dé'," arsa an tseanbhean, ag croitheadh an uisce choisricthe orthu.

"Faoi choimirce Dé sibh!"

"Tá gnó agamsa isteach chuig fear na maróige," arsa Feargal; nuair a tháinig siad de dheas do theach Eoin an Droichid.

"Má tá cúpla pingin le cur amú agat," arsa Triona, "nach fearr duit fanacht go dté tú chun an bhaile mhóir?"

"Níl mise ag gabháil a chur a dhath amú," arsa Feargal, agus é ag coradh isteach i dteach Eoin.

Bhí pólín as Baile na Sí istigh ag comhrá trasna an chuntair le hEoin. Ní fhaca Feargal a leithéid d'aoibh ar Eoin le fada. Bhí a mharóig leagtha isteach ar an chuntar aige, a dhá láimh ina phócaí aige, agus an dúghreann á dhéanamh aige leis an phólín. Bhí an giread sin uabhair aon

an gasúr foighid mheasarthá sular dhúirt sé go múinte go raibh deifir air. Thug Eoin amharc air, agus ba mhillteanach an difear a bhí idir an ghnúis a chuir sé air féin an uair sin agus an ghnúis shuáilceach a bhí air agus é ag comhrá leis an phólín.

"An iad na caoirigh atá leat?" ar seisean, go grusach.

"Nil caoirigh ar bith liom," arsa an gasúr.

"Agus cad é an diabhal atá de dhíth ort?" arsa Eoin.

"Bhfuil dochar fiafraí diot," arsa an gasúr, go socair, "cad é an mhéid fiach atá agat ar m'athair mó?"

"Seacht bpunt agus naoi bpingne."

"Bhuel, seo duit leathghine ina thuis," arsa an gasúr, ag fágáil ceithre leathchorón ar an chuntar.

Níor fágadh focal san shear eile ar feadh nóiméid. D'fhág sé an t-airgead i leataobh.

"Cé leis ar dhíol sibh na caoirigh?" ar seisean, agus é mar nach mbeadh a fhiú aige cé acu ba chóir dó labhairt go caoin nó coinneáil leis an ghlór ghrusach.

"Níor dhíol muid ar chor ar bith iad," arsa an gasúr; "agus ní dhiolfaidh, le cuidiú an Rí. B'fhéidir gur cúpla ceann eile a cheannóimis amach anseo. Tá mise ag gabháil chun an mhianaigh i ndiaidh na Nollag, agus féachfaidh mé leis na fiacha sin a għlanadh, de réir a chéile, ina dhiaidh sin."

"Bhuel, tháinig sé de mhitheas do dhuine éigin iad a għlanadh," arsa Eoin.

Ach níor chuala Feargal é. Bhí sé ar shiúl leis amach.

"Bíodh sin ag giolla na súl dearg!" ar seisean leis féin, agus é ag tarraingt ar an bheirt a bhí ag fanacht leis ag an droichead.

"Cad é an bronntanas Nollag a thug Eoin duit?" arsa Triona, agus iad ag coradh suas an bealach a bhí ag gabháil in éadan na mala ón Droichead, agus amach tríd bhearna sa Bhradhléibhe—bearna uaigneach a dtugtaí Log an Chuilinn uirthi.

"Mise a bhí ag tabhairt dósan, dar liom. Bíodh geall go ndearna mise stangaire ar dóigh de għiolla na súl dearg an iarraidh seo. Níor fágadh aon fhocal aige ach oiread le balbhán nuair a d'fhág mé mo leathghine sios ar an chuntar aige. Is fada é ag tabhairt masla chainte domsa; ach geall-aimse daoibhse go bhfuil deireadh aige leis, má fhágann an Rí an tsláinte agamsa. Tá deireadh agaíne le bheith ag fáil a dhath ar cairde ón bhoc sin. Má thig liomsa, ní bheidh a oiread le pingin rua aige orainn bliain ó inniu. Le cuidiú an Rí beimid ábalta għabħáil amach is isteach ina sheansiopa agus muid glan ar neamħħuilleamaí leis."

Tháinig aoibh an gháire ar Triona.

"Creidim," ar sise, "go dtig liomsa stad den chniotáil seo feasta."

"Stadfaidh tú de chuid di, ar scor ar bith," ar seisean. "Tá tú de chóir a bheith den tsaol ag déanamh na miotóg sin agus na stocáil sin, agus gan tú ag fáil a dhath is fiú ar shon do chuid oibre."

Rinne sí gáire faoi an iarraidh seo.

"Go ndearca Dia ar do chiall, a dheartháir," ar sise. "Nach bhfuil a fhios agat nach mbeadh beo ormsa mura mbeinn ag déanamh ruda éigin?"

"Ní bheidh tú i do shuí i ndiaidh an mheán oíche, ag obair de chóir a bheith in aisce don tseanchailleach sin an tsnáthha ar scor ar bith. Tá tú fada go leor do do chaitheamh féin ag iarraidh greim a choinneáil linn."

"Tá tú i do dhuine ghreannmhar inniu, a dheartháir," ar sise. "Caithfidh sé gur rámhaillí na Nollag atá ag teacht ort!"

Rinne an triúr acu racht gáirí faoi sin.

Seanbhaile beag falsa i għumma a bhí i mBaile na Sí, an lá ab fhearr a bhí sé riamh. Moll tithe caite i għeanna a chéile go hamasca, istigh i log għruama; sráid chungu ag teacht anuas mala amháin agus suas mala eile; eaglais Chaitliceach ar an ard their agus eaglais Phrotastúnach ar an ard thiar.

Bhí scata math fán bħaile mhór agus, cé gurbh fuar an lá é, bhí siad uilig go gleoiriseach agus iad amach agus isteach ag ceannach a għid luu kieni fáchoinne na Nollag. Bhí miċċanachóri as Gleann Ceo ann, óir cuireadh deireadh leis an obair fán mhianach ag an mheán lae an lá sin.

Ba é Teach an Choirnéil an siopa ba mhó ar an bħaile,

agus b'ann ba għná le Triona a għabħáil le bunús a gnóthai. Ba bheag rud dá mbiodh de dhíth ar dhuine nach raibh le fáil i dTeach an Choirnéil. Agus bhí an teach céanna ag cur thairis le daoine an tráthnóna seo, agus bhí corr-dhiúlach ann a raibh fonn breá cainte air thall fá thaobh na mbairilli agus na mbuidéal.

"Fágfaidh mise mo bħasċed uibheacha istigh anseo," arsa Triona, "agus rachaidh mé suas chuiġ bean an tsnáthha leis an bheiraistin seo."

"Déan," arsa Feargal, "agus ní bhogfaimidne amach as seo go dtga tú ar ais."

"Cé mhéad atá anois againn?" arsa Peadar, nuair a d'imigh sí.

"Tá an seacht agus dá phunt anseo agam go fóill, a mhic."

"M'anam gur breá an chrág i! Cad é cheannóimí, do bharúil?"

"Sula ndéanaimid a dhath eile, mholfainnse péire de bħrōga isle a cheannach do Triona fá choinne an Domhnach; agus péire de bħrōga arda a cheannach d'Úna bhochi."

"Is cuma cé leis an t-airgead," arsa Peadar, "çeannóimí na bróga; agus cad é fá phéire slipéar do Mhórá? Bónn si i gońnaí á rá go mbionn a cosa tuisceach sna bróga láidre úd atá uirthi."

"Is fior duit!" arsa Feargal. "Siúil leat, nō beidh Triona sa mhullach orainn sula raibh a leath seo déanta againn."

Cé bhí ag cuntar na mbróġiach ach an Máistreás. Ar ndóigh, b'ēigean dóibh inse di cad é bhí siad ag gabháil a cheannach; óir bhí an Máistreás cóir mar bheadh máthair ann ag iomlán a cuid scoláirí, agus ba bheag rud a choinniodes siad celte uirthi. Thogh sí dhá phéire do na girseacha a mbeadh caitheamh agus galántas iontu, agus ba sóculach an péire slipéar a thogh sí don tseanbhean. Lena chois sin, b'ēigean do gach aon fhearr acu scilling a għlacadha uarithi.

"Ó casadh orm ar an bhaile mhór sibh," ar sise, "Oíche Nollag Mór!"

"Cad é ba chóir dúinn a thabhairt chuig an tseanduine?" arsa Peadar, agus an bheirt ag breathnú thart tríd an tsiopa.

"Sin an cheist a bhí mé féin ag iarraidh a fhuascail," arsa Feargal. "Nár fhéad muid piopha adhmaid a thabhairt-chuige agus scian phóca? Tá an béal dóite as ag an tseandúdóig úd; agus thug mé fá deara é ag baint giotaí dá chuid tobac lena ionga corruair."

"Dheamhan go bhfuil an fħirrinne agat! Agus bhéarfaimid giota tobac chuige, agus clár don phiopa. Cad é déarfá fá bhraon beag biotáille a thabhairt chuig an bheirt acu? Oíche Nollag atá ann!"

"Bhéarfaimid na għajnejn chucu—sin gloine an duine."

Bídeireadh na nithe seo ceannaithe acu an uair a tháinig Triona chucu. Thug siad isteach i seomra bheag ólacháin í, gur théigh an triúr acu iad féin ag an tine agus gur ith siad brioscaí agus milseán agus ceapairi aráin choirce a thug Triona léi as an bhaile. Foscladh na beairtíní agus taispeánadh a raibh iontu di, agus bhí sí chomh huabibreach le páiste fána cui bróġi iséal.

"Agus anois," ar sise, nuair a bhí deireadh canta acu fá na bronntanais, "cad é a fuair sibh daobh féin?"

Ní raibh a dhath de dhíth orthu, dūirt siad, go ceann tamaill eile. Choinnigh għach aon shear acu leathchorón dō féin, le cois na scilinge an duine a fuair siad ón Mháistreás. Agus i ndiaidh an iomlán, bhí punt den airgead fágħha acu le tabhairt do Triona le cur leis na scilingeacha a bhí aici féin. B'aċċise ab fhéarr a fhios, dūirt siad, cad é ba cheart a dhéanamh leis. Bheadd sí in imħme nithe beaga go leor a thabhairt chun an bhaile léi a chuirfeadh pléisír ar an tseanphéire, agus orthu uilig.

Ní fhaca siad a leithéid d'aoibhneas ar Triona le fada an lá. Agus ba leor leo sin mar luach saothair.

"Is sibh an bheirt għas-súr is f'eorr in Īrinn," ar sise. "Beidh Nollag chomh suairc againn is bheas ag aon duine i nGleann Ceo."

"D'ainneoin Mhic Alastair agus Eoin an Droichid!" arsa Feargal.

Lei sin, go díreach, cé a shiúl isteach chucu aċċi Séimín Bán agus ógħanach ard fionn a raibh aoibh an gháire air agus coiscim fħada leis. Bhí Séimín leathshúgħ.

"Maise, an i seo an áit a bhfuil tú, a Triona Nic Għiolla Dé!" ar seisean. "Agus nár fheice mé ach Dia għurb iad seo mo phéire tħarraġteori—an péire mianachóri is f'eorr a bheas agat go fóill, a Mhic Alastair. Agus chan a ghoid ná a fuadu aħħad a dħéansaf an bheirt chéanna, dá bhfaigħheadh siad a leithéid de chlú. Nòtá misse ag inse duitse, a dħuine uasail, go bhfuil athair mó ag an phéire gasúr sin, agus, nuair a bhí sé i mbláth a shaoil, dħeamhan fear i nGleann Ceo, ná i ngħejja ar bith eile ach oiread leis sin, a bhí inchurha leis i għeanna piċċoġi. Sin anois agat Conchúr Már Mac Giolla Dé!"

"Arbha fħidir,"

# Do'n Aos Óg . . .



Dia dhibh, a pháistí,

Tá mé iontach buioch do na páistí uilig a scríobh chugam agus a chuir scéaltaí agus aistí agus piosáí nuacha chugam agus caithfidh mé a rá go bhfuil siad uilig iontach maith.

Comghairdeachas le Caitlín Ní Dhomhnaill as Leac Chonaill, Ard an Ratha, agus Seán Mac Giolla Chomhaill, An BunBeag a bhain 50p an duine.

Slán go fóill, ó bhur gcará . . .

*Andáí.*



Máire agus Pádraig Úí Fearraigh páistí Roise agus Seamus O'Fearraigh as Cúl a' Chnoic, Anagaire. Tá siad ar scoil Anagaire agus tá an madadh mar pheata acu.



Beartlaí Ó Braonáin agus a dheirfiur bheag Beidín as Dobhar. Tá siad ar scoil Phádraig agus tá'n bheirt acu i mbanna ceoil na scoile sin.

## SCEALTA GRINN

Bhí mise agus mo chara Mícheál ag siúl na scoile maidin amháin. Thit Michael agus ghearr sé a ghlún Nuair a chuaigh muid isteach na scoile níor inis sé don mhúinteoir cad a tharla. D'inis mise dí é. Tá teanga i mbéal Mhichil é fein a deir an muínteoir. Tá a deir Mícheál ach ní maith liom mo chos a għlanadha leis.

Sean Ó Gallchoir,  
Scoil Dōiri Beaga  
(aois 12).

Chuaigh beirt fear a raibh braon breá sa għragan acu isteach go teach faire oħra amháin. Bhí fear acu gaolmara dot f'hear a bhí marbh. Chuaigh seisean suas gu ndearfad sé urnaí ag an chonair. Chaith an fear eile ē fein sios ag taobh an phiano. Nuair a bhi an fhaire deanta acu agus iad amuigh, duirt an fear a bhi ar a għluu ħekk an phiano leis an thear eile, ní raibh mōrān aithne agam ar do fhear muintearach ach nach aige a bhi an cáb breā cár.

Dónall Ó Gallchoir,  
Cois Cláidi,  
Bunbeag.

Lá amháin chuir an máistir ceist ar Sheán, "Dá'mbeadh 30p i bpóca amháin agat agus 6p sa cheann eile Cá mheíd a bheadh agat." Duirt Seán "bríste duine eile."

Aodh Mac Fionnaile,  
Loch an Iúir,  
Anagaire.



Pádraigín Ní Dhorain as Loch Caol. Tá sí ar scoil Dħobhair agus tá sí i mBuion Cheoil na bpáistí.

## Gaoth Dobhair

Bhí na daoine iontach bocht i nGaoth Dobhair fadó agus ní rabh mōrān airgead acu. Bhí cuid mhór acu ag déanamh poitín. Bhí na sean daoine go mōr ina néadan mar gach áit a bhítheart ag déanamh poitín bhí an t-aos óg go leír ag tarraingt air fa' choinne braon a fháil.

Tá oiléan amuigh os coinne Bun'n Chlaoighe ar a dtugtar Inis Meán agus fadó bhí fear ina chónai i dteach beag cionn tui ē fhein agus a bhean. Bhí an fear seo i gċebaj ag déanamh poitín. Lá amháin go tħobbn tháinig na gardai isteach sa teach agus ē i lár an tighe ag déanamh poitín agus duirt fear ġejx leis, "caixiellu me summons a thabhairt, agus caithfidh tu theacht go teach a dli." "O maise," arsa seisean, "na sparáil e."

Nuair a tháinig lá an dli agus tháinig sé go dtí an teach duirt sé leis fhein go rabh an teach iontach mōr. Nior mhiste leis cad a bhí fear an dli a rā ach ag moladh leis an tighe.

Shíl fear an dli nach rabh mōrān céille aige agus duirt sé leis go ligeadh sé ar shiul ē gan cain ar bith dá ngealladh sé gan poitín a dħeanamh niós mō.

Nior stad sé, agus thosaigh a bhean ag cuideadh leis, agus ní thiocadh leis na gardai dadaí a dħeanamh mar shíl siad na rabh oiread céille aige le duine eile.


Bhí fear eile ina chónai píosa ó theach s'againe fadó agus ba bhreá leis a bheith ag déanamh poitín. Mar sin bhí an-ghruam ag na sean daoine air agus d' inis duine éigin do na gardai air. Lá amháin tháinig sé na gardai ag tarraingt air. Chuir sé bun na mbarraile futluu, chaith dō na bróga, chuir sé baraille an orna ar a dhroim agus leag air soir tríd na turtoġi agus na gardai na dhiaidh. Bhí sé chomh gasta le giorria agus nior stad sé go rabh sé thoir ag loch bheag ag taobh Chnok Fola. Chaith se an baraille isteach sa loch agus chuir sin deireadh lena chuid poitín. Thug na gardai suas ar an bhealach, bhí sé ro ghasta acu.

Maíre Claire Nic Giolla Bríde,  
Aois 12  
Scoil Dhoirebeaga.

Nuair a bhí Seán Mac Stiofáin ar stailc ocras i bpriosún. Bhí mo mháthair ag déanamh cearc reidh fá choinne an dinnéar. Tháinig mo dheardáir Mícheál (4 bliana) isteach. Cad é sin atá tú a chuir isteach sa chearc? a duirt sé le mo Mhamái. "Sin stuffin, arsa Mamaí. Dhearc Mícheál ar Mhamái agus arsa seisean "Bhfuil dada ag sin le déanamh le Seán Mac Stiofáin."

Bhí Máire Ní Bhriain i ndiaidh maistreadh a bhualadh. Tháinig gasur beag de chuid na comharsań isteach. Sheas sé ag-ja taobh ag amharc uirtu āg baint an ime den ctuġġnejog. Nuair a bhí Máire reidh, rinne sí ceapaire agus thug sí don għasur ē. Ní tharna an gasur a dhath ach chrom sé a cheann agus thosaigh sé a chaoineadh. Caidé tá cearr leat arsa Máire, O tá arsa an gasur nuair a thugann mo mháthair ceapaire damh sa bhaile cuireann sí im ar an da thaobh. "Níl mo illi sin a leigheas", arsa Máire agus chuir sí im ar an taobh eile. Bhfuil tú sásta anois? arsa Máire, O tá arsa an gasur nach mōr an trua nach bhfuil taobh eile air.

Aine Ní Chuinnigeain,  
An Droim Riabhach  
Chill Charthaigh.



Anna agus Treasa Ní Dhomhnaill, páistí Eibhlín agus Dónal Ó Domhnaill as Luineach.

Tá Anna ar scoil an Luinigh agus is í a dhíolann an "Gaeltacht" ar an scoil.



Roisemáire, Eibhlín, Siomon Eoin, Caoimhín, Clann Dhomhnaill agus Roisin Ní Giolla Easbaic, Srath na Corca.

# AN TAIBHSE

Tráthnóna amháin-nuair nach raibh móran le déanamh agam d'fhriafraigh me do mo mháthair an dtioctadh liom dul go dtí na pictiúirí. Dúirt sí go dtiocadh.

D' imigh mé liom mé féin agus mo rothair go dtí na Cealla Beaga. Thosaigh an pictiúir ag an ocht o chlog agus bhí sé le críochníú ag an aon déag ó chlog. Bhí sé ag baint le Taibhsí. Pictiúir an mhaith a bhí ann ach chuir se eagla ormsa mar bhí ormsa rothaíacht fiche múle. Nuair a tháinig mé amach bhí sé an dorcha. Bhí mé ar crith leis an eagla mar shíl mé go bhfeicfinn me taibhse. Bhi solas maith ar mo rothar ach ní leor sin. Nuair a bhi me ag teacht ag an Barrchoiliú, chonaic mé rud mór bán ar rith fríd na crainn Scar sé an t-ainm asam. Ní raibh a fhios agam caidé le déanamh agus bhí mo chroí ag teacht amach ar mo bhéal. D' amharc mé thart agus bhí sé ag teacht mo dhiaidh.

Ní thíofcadh liom féiceál ce'n aít a bhí mé ag gabháil agus rith an rothar isteach sa chlai. Bhí an taibhse ag teacht agus bhí mise gortaithe. D'fhág mé an rothar ansin agus d' imigh mé liom ag rith trasna na bhpairceanna. Is cuma ce'n bealach a rachadh mé leanadh an "Taibhse" mé.

Nuair a shroich mé an teach bhí lúchair orm in dóigh mar shíl mé go raibh mé breá sabháilte ansin. Bhí mo mháthair ag déanamh iontas, caideá bhi contráilte liom. Ansín chuala me torman amuigh ag an Bealach Mór, lig mé beic asam agus duirt me "Sin é, cuidigh liom." "Stop an amadaigh agus inis dom cad a tharla", a duirt mo mháthair liom.

D'inis mé an sceal dí agus bhí mé ag caoineadh. Chuaigh si amach go dtí an gata agus dúirt sí gur eadach no rud éigin a chonaic me. Tomall ina dhiaidh sin thainig m-athair isteach agus d'iafraigh sé duinn ar bhfaca muid an capall mór bán ag gabhail. Thosaigh mo mháthair ag gáire agus dúirt sí liomsa gur sin an rud a chonaic mé. Chreid mé go bea.

Chuaigh mé amach agus chonaic mé an "Taibhse" ag teacht. Oh. Nach é an beathach a ba mhaith liom a mharbh agus nach mise an tamádán mór. Caideá dúirt mé.

Caitlín Ní Domhnaill  
Leac-Chonnall,  
Ard-an-Ratha,  
Co. Dún na nGall.

## MO MHADADH

Chuaigh mé ar laethé saoire go Cluan Eois cupla lá ánuaidh. Bhí coileán beag deas sa chomhar-sanacht agus bhí meas mór againn air. Nuair a chonaic mo athair seo cheannaigh sé an coileán duinn.

Ba orainn a bhí an lúthchair agus thug muid aire mhaith do. Mhuscail me féin cupla maidin agus ce bhí ina lui ag mo thaobh ach an madadh. Ba ghnathach liom é a chur i bhfolach faoin eadach ar eagla go bhfeicfeadh mo mháthair é sa leaba. Ach fuair sí amach agus cuireadh deireadh le sin.


Madadh criona a bhí ann. D'fhoghlum muid a lán cleasa dó. Bhí meas mór ag gach duine sa teach air. Ach ní mhaireann rud ar bith ach tamall. Mharaigh car e. Bhí muid uilig buartha.

Seán Mac Giolla Chomhaill  
Scoil Chonaill  
BunBeag.



BUACHAILÍ LOCH AN IÚIR

## Crosfhocal



### ANONN

1. Chan te.
2. SUGA - Tús chun deiridh
6. Tá seo ar do lámh.
7. Casúr mór.

### ANUÁS

1. Bionn pictiúr ann.
3. ---- agus Gandal
4. Seasca Bomaite.
5. R.S. tú chun deiridh.

### BRAINSÍ SPEISIALTA?

Chuaigh bean isteach sa Mhion-Mhargadh lá amháin agus cheannaigh sí pota Marmaláid. Nuair a bhain sí an baile amach chonaic sí go raibh an marmaláid lán striocanna beaga.

D' imigh sí arais chuig an siopa a dhéanamh gearán leis an siopadóir. "Tá an suibh seo lán brainsí beaga" a duirt sí.

"Orú! nach bhfeice ann tú an rud a deir sé ar an lipéid" a dúirt sé.  
"Brainsí achan áit!"

## Logos


San alt, seo a bheidh sa pháipear againn ó am go chóile déanfaidh muid cur síos ar nithe suimiúla, sa dóigh go mbeidh tuigpheal níos fearr againn ar an tsaoil thart orainn. Logos an focal Greigise ar eolas no Léann.

### LAETHE NA SEACHTAINE


Bíonn baint ag cuid mhór de na hainmneacha a bhíonn ar laethé na seachtaíne le nithe sa chóras greine. D'ainmnigh na réalteolaithe na Pláineáid as na deithe is na Bandéithe. Síleadh go raibh ceann de na plainéid i réim ar lá aírithe den tseachtain. Ainmníodh laethé na seachtaíne as na plainéad agus bhi na plainéid ainmnithe as na déithe is na Bandéithe. Tá an corás seo le feiceáil go soileáir sa Fhraincis Lundi, Mardi, Mercredi, Jeudi, Vendredi agus Samedi. Cé nach ndearna mé aon taighde is dóigh go dtig linn glac leis gur tháinig an di in achan ainm o'n fhocal Laidine Dies(Lá) Is fiú a mheabhrú nach dtagann sé ón fhocal Deus (Dia) cé go raibh an litriú Dia againn roimhe seo san áit a bhfuil Dé anois sa Ghaeilge. Le sampla amháin a glacadh ma amharc ann muid ar Lundi tuigeann muid láithreach go bhfuil an Ghealach i gceist, Monday nó De Luain ón Láidin Luna.

Ní chloíonn an Ghaeilge le na déithe. Ciallaíonn an focal Domhnach Tiarna agus seanfhocal Aoine a chiallaíonn troscadh. Sa Ghaeilge mar sin tá Dé Luain, Dé Máirt; Dé Sathairn ón Láidin, Dé Domhnaigh, Lá an Tiarna. Dé Céadaoine, Lá na chéad Aoine, Dé Diardaoin; Lá idir dhá Aoine agus Dé h-Aoine.

M.O.M.



## Ein na hÉireann



AN CAG

### Corvus Monedula

Tá t eacht ar an Chág ar fud na hEorapa. Dubh ar fad a bhíonn sé taobh amuigh den mhuineál áit a mbíonn sé liath. Togann an Cág a nead i bhfoigneamh de gnáth. San earrach is mó a thugann daoine fad air, go hairithe nuair a phlu chann sé a simléar. Ocht lá déag a bhíonn i gceist sa ghor de ghnáth. Bheireann an chearc a gcuid do na scolamain i dtús aimsire ach cuidionn an coileach lei tar eis tamaill.


Mar gadaí is mó atá cáil ar an Chág. Is iomaí rud luachmhar a fuarthas i nead an bhligéáird seo. Tá an t' éan maith freisin ag déanamh aithris ar ghuth an duine. Éan

### Jackdaw

cairdiúil ata ann agus an gearraíach a togtar ar shiúl ón nead más i measc daoine a chothaítear é ní bheidh eagla ar bith air roimh dhaoine. Feictear go minic é ar dhroim caorach nó beathaigh ag tabhairt cuid den olann leis lena nead a líneáil.

Thainig meádú mór orthu ó thús an chéid seo agus creidtear gatathrithe sna modhanna talamhaíochta is cúis le seo. Níl ainm Gaeilge ag na seandaoine orthu agus glactar leis an ainm Cag anois. Aithris atá san fhocal ar scárt an éin.

M.O.M.



DÁ BÉ MHADADH AR BHÉANDH IONAT  
SCAOLFINN TU

# Ag Dearcadh Siar

Ba mhór an tsuim a chuir an sean-dream ins an scealaiocht agus ba mhinic iad ag seanachas fa rudaí eagsamhulta a tharla le na linn. Bhí se creidthe gan dabht acu, gur tharla a leitheidi, agus ar ndóigh ce muid-inne le na mbreagnu? Rhí sceal amhain ag baint le Loch an Iúir ar chuala mé tracht acu air go minic. Ceathrar fear as an ait a d' imigh go Meiricea ar bord loinge. Ins an am sin ar ndóigh ní rabh acu ach longanna seoil idir an tís seo agus Meiricea, agus bheadh siad air an fharraige comh fada le sé seachtainí corr uair, ag brath ar an aimsear.

Tharla sé go dteachaidh an long seo ar thine ar a bealach anonn, agus cailleadh morán da rabh ar bord, agus ina measc, ceathrar Loch an Iúir. Ní rabh fhios seo ag bunadh an bhaile san am, ach bhí siad ag eirí mi-shuaimhneach nach rabh sceala ar bith ag teacht uatha.

Bhí fear dar b'ainm Mac Pháidín ina chóiní 'sna Mannachair i Loch an Iúir, agus ba cara mór é do an cheathrar a d' imigh. Oíche amháin agus gan san teach ach é fhéin, bhí sé na luí ar cholba na leabtha san chistin, agus gan turise na codhladh air, ach é ag meabhrú ar a chairde a d' imigh. Ar bhinn an toighe bhí doras seomra nach rabh in úsáid, agus a bhí druite le aol agus clocha. Agus é na luí ansin, tháinig an cheathrar anuas ar an doras seo agus sheasaigh agus cún a gcuind cos leis an tine. Bhí siad ag stanú ar Mhac Pháidín agus bhí trup an uisce ina mbróga.

Tháinig ceathraidh ar Mhac Pháidín bhocht, agus ní rabh uchtach aige labhairt leo. Sheasaigh siad tamall ansin ach focal nior labhair aon duine acu san am sin. Sa deireadh thionntaí siad

ar a sail, agus chuaigh siad amach an bealach a dtainig siad, ach nuair a bhi an fear deireannach ag dul amach thionntaí sé thart agus ar seisean, "Mhac Pháidín is dona d' uchtach."

Deirtear da mbeadh uchtach ag Mac Pháidín labhairt, gur rud eigin-teach a bhí ag cur buartha orthu.

Bhí dearthair de fhearr de na fir a baiteadh nar chreid go rabh siad baite, agus chuala sé go rabh fear as Baile na Finne ar an long, agus gur sabh sabhlaíodh é. Theann sé air maidin amháin agus thug a aghaidh suas in n-aithghiorra ar Bhaile na Finne. Nuair a bhi sé ag dul suas an gleann fríd Mhín Doire Thoirc, tchí sé an cheathrar acu ag dul amach barr an ghleanna giota beag suas uath, agus deor as achan ribe daobhta. Ni thearn se ach pilleadh na bhaile.

Bhí scéal eile a bhí seort cosamhail le sin ach gur bás nádúra a fuair na mairbh sa chás seo. Dálta an scéil eile fear a bhí istigh leis fhéin, agus gan chuireadh gan choiste nior mhothuigh sé go rabh triúr da rabh marbh a rabh aithne aige orthu na sheasamh ós a choinne. Bhí nios mó uchtaigh aige seo, ná mar bhí ag Mac Pháidín, agus chuir sé ceist orthu cá rabh siad ó fuair siad bás. Thug duine acu freagra air agus dúirt, go rabh siad móran de'n am ins na sean-áiteacha ina mbiodh siad ar an tsaol seo, agus fhad agus nach rabh siad ansin go rabh siad in Ailt Bhun a Thuile. Ní rabh fhios ag mo dhuine cá rabh an Ailt sin, ach nuair a chur sé ceist, hinns-eadh dó gur bhé sin Ailt Chálaidh (Mc Cauley) atá sa log-caothran, in aice Loch an Chaothrainn. Fíor, bréag na scéalta sin bhí siad sa tseanachas agus is fiú a gcuimhniú.

Is ioma sceal greannmhára bhi le cloinsteán fostá. Bhí sé ráidthe fostá go dteachaidh fear ar faoisitin i dteach na stáisiún fad ó shoin, agus nuair a fuair sé Aimear gur chuir se a lámh i bpoca an tsagart agus go dtug sé leis dhá unsa tobac. Dúirt sé leis an tsagart gur ghoid sé dhá unsa tobac ó fhearr. "Bhal" arsa an sagart "caithfidh tú an tobac a thabhairt arais do." "Bheirfidh mé duitse é," arsa an fear. Ni ghlacaídh mise é arsa an sagart, "caithfidh tú a thairgint dó fhéin." "Thairg mé dó e" arsa an fear ach ní ghlacfaidh sé é. "Bhal taig aráis dó e," arsa an sagart. "Glac thusa é" arsa an fear. "Cha ghlacam-sa é" arsa an sagart. "Bhal thaig mé dó é dhá uair" arsa an fear "ach ní ghlacfaidh sé e." "Bhal, más mar sin atá" arsa an sagart "coinnigh fhéin é." Nior chuala mé caidé dúirt an sagart, nuair a chuaigh sé a churtú a chuid tobac.

Ansin bhí fear eile a chuir ina fhaoisidin, gur ghoid sé rópa, "Bhal," arsa an sagart, níl dochar ansin ach an rópa a thabhairt aráis." "Sé," arsa an fear, ach bhí bó air a chinn eile de'n rópa." "Tchim" arsa an sagart, "caithfidh tú an bhó a fhágail arais nō muna ndéan tú sin beidh sí a do thógáil ar a cuid adharca i nlfreann." "Ní bheidh leoga a shagairí" ar seisean, nō maoilín a bhí innti.

I naimsear an chogaidh mhór dheireannach, nuair a bhi achan rud gann, chuaigh fear as Loch an Iúir sios go hAnagaire, a cheannacht cloch fhaobhair. Nuair a chuaigh sé isteach chuig fear an tsíopa, chuir sé ceist air an rabh clocha faobhair ar bith aige. "Níl," arsa fear an tsíopa, "Nach bhfuil fhios agat go bhfuil cogadh ann."

"Tá fhios agam," arsa fear Loch an Iúir ach ní rabh fhios agam gur le clocha faobhair a bhí siad ag troid."


Bhí an fear ceanna i láthair nuair a bhi fear as Croichlí ag diol feirm talamh a bhí sínte le na chuid san. Ba le bean dar b'hainim Meadhba ar léithe an talamh. Mhol an "dioltóir" an feirm go dtí nar fhág sé fuill molta air. "Ansín" ar seisean, "an te a cheannochas an feirm seo, beidh comharsa aige comh maith agus ní stopaigh Sean casan nó uisce, nō rud ar bith eile ar dhuine ar bith." "Seo anois a Phádáí" arsa Sean "diol cuid talamh Mheabha agus fág mo chuid-sa."


Ansín bhí beirt san cheanntar a bhí i gcomhná, iontach garach, agus a rabh lámh mhaith acu ar chionn a chuir ar an phaidrín ag faireacha. Bhí siad oíche amháin ag radh paidrín i dteach faire, agus paidrín cúig ndeichniúr déag a bhí a radh. Bhí morán taos óg ag an fhaire agus bhí siad ag eirigh tuirseach ar a nglúine. Ach leis an rud a dhéanamh nios measa thoisigh an bheirt ar liodán mar seo;-- Deirfeadh fear amháin;-- "Mhaighdean na fíor-thruaighe fuascail do-sean agus dúnne" Bhearfadh an fear eile freagra air;-- "Suaimhneas siorraí do-sean agus dúnne." Choinnígh siad seo suas ar feadh tamall fada go dtí go rabh achan nduine dubh thuirseach. Sa deireadh tháinig siad go dtí "Tháinig Aingeal an Tiarna le teachtaireacht chuig Mhuiре." "Bhal" arsa fear da rabh i láthair, "Ma thainig fhéin tá an tam sin aige."

Chuir sin deireadh leis an phaidrín an oíche sin agus cuireann sin deireadh leis an alt seo.

Lá Samhraidh sna Rossa.

Grianghráif le Donncha Mac Néillis, Gaoth Dobhair.





## ag teastáil

**AG TEASTÁIL:** Sealla Saoire i gCloich Cheannfaola ó 7ú go dtí 21ú lúil. Iarr Bocsa 142

**AG TEASTAIL:** Bád rámha a bhfuil baill maith air.. Gach eolas agus luach chuig:

Bocsa 121.

**AG TEASTAIL:** Sean leabhair Gaeilge, go hairid, rudaí a bhaineas le Thír Chonaill. Cuir gach eolas agus luach ag Bocsa 104.

Luach maith ar na rudaí cearta.

Mac Léinn ag iarraídh obair don Samhradh ó 16ú Meitheamh go dtí lár mí Lúnasa. Iarr Bocsa 141

## go pearsanta

**CEANNAIGH "Gaeltacht"** gach coicís an páipéar a leigheann muintir na Gaeltachta.

Choinigh muid an spás seo fá choinne do fhógra-sa (2½p an focal)

## Na Críocha Déanacha

Ba mhór an chreidint do Chaitlín Nic Giolla Chóil as Mín a Chládaigh gur choinnigh sí cuimhne ar an dán seo, a d'fholuim sí ina h-óige, thart fán bhlain 1880. Bhí Caitlín dall ó bhí sí seacht mbliana d'aois, ach bhí eirim aigne thar an gcoiteann aici.

C. Nic Giolla Bhríde.

Tiocfaidh sé, Mac na Féile Iosa Criost ar na céasáí Beidh na slóite leis ar achan taobh de Labharfaidh sé de ghlór na céille.

Sibhse lucht na mbeannacht, a choinnigh mo naomh-ainthe; a gheill domh Bhí mé nocth; a chuir orm éadach A thug bia agus deoch, teas agus téamh dom Glacaigi sibhse forann do na Flaitheas, mar a mbeidh sibh.

Fóill Fóill, tá an cas le reiteach D'ol tu an fion; tá an t-foc le deanamh Tiocfaidh na h-ain Chriost, a bhfeall sa n-eigeart Pontuis Piilot, Céifís is Herod

Mas agat an uair sin gur acu atá an eagcór Tionntochaídh sé cún leis an chneas-ach bhréan sin, Agus soillseochaídh a aghaidh mar sholas na gréine.


Imigí shibhse lucht na mallacht le cheile Go riocadh na ndreamhan, áit a bhfuil lasracha géara Subhstrom, toghstrom marcaigheacha agus bréantas S' iad a rachas isteach i n-aice an bhalla bhreágaidh Lostaí daora daofa; Ar a theacht arais daofa, níl neart ag aoinne air, Mar dhíol siad Criost Naofa, gan eifeacht.

An maith 's an t-olc i n-ucht a cheile Ar a mhéid an t-olc cá dtig a laghdú Dá laighead an mhaith níl neart ag aoinne air.

Tiocfaidh an lá go fóill, is measa na bréag sin, Lá bocht deorach brónach léanmhar; Tig achan neach le na chunntas a dheanamh

Cnuic agus gleanntaín ag gabhail i bhfothras a cheile An meid atá beo agus posta i n-aon-fhaith Ag screadaigh is ag caoi fá mhairbh an lae sin.

Teannaigí oraibh go teach na bpian sin, Sin an áit nach bhfuil bia nó eadach Sin an áit nach bhfuil grásta Dé ann Sin an áit nach bhfuil pairt le cheile Sin an áit a bhfuil géarradh 's an céasadh Mar chonairt a bheadh gabhail i ngorta agus i n-eagcruth.



Claire Ní Mhaoluagh, Eibhlín Ní Rabhartaigh agus Eibhlín Ní Ghiolla Bhríde as Doire Beaga agus tá siad ag freastal ar Ard-Scoil Mhuire.

## DEORA DÉ

Beirt eile marbh in uafás Bhéal Feirste; Seoirse on tSeanchoil, Brian ó Bhothar na bhFál; Do chaoin máthair Sheoirse; chuir a mallacht ar Ghæla Do chaoin máthair Bhriain a's do dhamhnaigh an Gall.

Ach cé scaoil na stócaigh? Ce loit bláth bán a noige? Cé d'fhág máithreacha bochta ag mairgnigh faoi bhrón? Cé eile - ach ainspioraid ar dhoigh leo gur Dia iad Gur daobhta tá dlite cead beatha - cead báis; Lucht cothaithe fuatha 'tochrais ceirtíni comactha Gan briathar, gan beart, ach an t-aindlí i réim Iad ag sior-thracht ar 'reachta', ar 'chearta daonfhlaithis'; A lucht leanuna meallta ag mannair gan chéill

Ó a mhuintir mō chuige, na bac le lucht faladh; Lucht faladh ó dheas nó lucht faladh ó thuaidh Dean neamhiontas de'n díoltas, déan grá Dé ar chomharsain; Ná fág éiric na fola ag sliocht sleachta bhur gclann.

Nuala Pháidí Sheáin.

## Saibhreas Gaeilge

- Alt. Sceál a chur in; alt a cheile. Gach cuid de ina áit fein.
- Altuim do Dhia. Bheirim buiochas dó.
- Amhlanta. duine amhlánta. Bíonn sé ciotach nó anasta.
- Ampla. Thog an t-airgead as an bhoich-tineacht é, sé sin as an ampla.
- Anafais. ar an pharraige, tá sí garbh nó tóigha.
- Anás. Tá na daoine sin ar an anás. Níl teacht isteach nó airgead acu.
- Angadh. Ghearr sé a chos a's rinne sí angadh nó sileadh.
- Anglach. Tá anglach i mo láimha leis an fluacht.
- Aoidheachtach. Duine bocht a bhios ar lorg loistín oíche.
- Araicís. Chuaign mé inaraicís Mháire a bhí ag teacht as an bhaile mhór.
- Arbhach. Rinneadh arbach ar na bradáin. Beireadh ar chuid mhór.
- Asair-chosain. - Rinneadh asair-chosain den choirce. Mhill an t-eallach é le na gcosa.
- Ascällan. mónadh. An méid a bhéarfadh duine leis faoi na ascall.
- Bachlóig. ar a theanga. Tá sé bliotach ina chuid cainnte.
- Bachrán. Iuibh a thásann sa chaorán. Óltar sú báchráin san Earrach chun an fhuil a għlanad.
- Baganta. Sean-duine baganta. Tá sé go beo briomħuar.
- Baiteach. Cuma bháiteach ar an ghealach, cuma fèarhanna.
- Bailc. Cith trom.

- Balláfocht. Thug mé balláfocht dó. sé sin barúil aithne.
- Ballscóid. ballscóid scadán, páistí beaga anseo agus ansúid.
- Bang. Shíl mó go raibh snámh ag Seán ach níl bang aige. Níl snámh ar bith aige.
- Bánaigh. Bhánaigh an teach. D'imigh gach duine.
- Barcadh. Ag barcadh alluis.
- Barróg. Tonn gheal.
- Batail. chocchain, sé sin beairtín mór.
- Beadái. bheith deacair a shásamh i mbia.

An tOileánach a scríobh.

## ANAGAIRE

- Abhar bróin a b'ea bás Aodh Ó Searcaigh as Bun na mBeann Anagaire.
- Bhí sé fén agus a bhean céile ina gcónai i nGaeltacht Ghlasco ó posadh iad.
- Tugadh an corp abhaile agus h-adhlacadh é i reilig Anagaire i ndiaidh Aifreann a h-aon deag Dé Domhnaigh. An tAthair Ó Coluim S.P. a leigh an t-Aifreann agus na hurnaithe ag an uaigh. Bhí slua mór as an dá phobal i láthair. Tá aithne mhaith ar a bhean chéile, Máire (Joe) Uí Dhonaill as Inis Meáin. Gnimid combhrón léi fén agus le beirt aġ-ġiur-für Aodh, sin Máire Uí Shearcaigh agus Bean Uí Allison agus le cairde agus gaolta eile Aodh.

# Féinrialú don Ghaeltacht

le Deasún Fennell

Tá mé ag caint le na daoine sin gur curam leo bás nó beatha na Ghaeltachta. Siad atá i gceist agam ná na daoine gur tabhachtach leo go mairfeadh na pobail le Gaeilge atá ann fós - agus go dtiocfadh méadú orthu. Daoine a bhíonn ag smaoineamh air seo agus ag déanamh iarrachtaí len é a thabhairt i gcríoch - is leosan atá mé ag caint.

Duine de na daoine sin is ea mé fein. Is mionlach an-bheag muid imeasc na gcainteoirí Gaeilge agus imeasc mhuintir na Ghaeltachta. B'fhéidir nach bhfuil nios mó na 150 againn sa tir ar fad. An chuid is mó daoine ní gnach dóibh curaimí ginearálta den chinéal sin a bheith a mbuaradh. Mairid mar a mhairid agus gan de chúram acu ach a leas féin agus leas a gclainne, mar a thugteann siad iad.

Ar aon chaoi, ba mhaith liom go n-eireodh linn ár gcúspoir a bhaint amach agus nach dteipfeadh orainn a thuille mar a theip go dtí seo. Ceist agam oraibh, mar sin. An gceapann sibh gur féidir stop a chur leis an gcrapadh atá ar siúl le 200 bliain ar na pobail le Gaeilge - agus atá ar siúl i gconaí -

## GAN SMACHT A BHEITH AG NA POBAIL SIN AR A SAOL FÉIN?

Sé atá i gceist agam na institiúidí polaitiúla da gcuidean fein a bheith acu - iad a bheith a rialú fein faoi Chomhairle Reigiúnach Gaeltachta a thóghfadh siad fein agus a mbeadh Comhairlí Ceantair ag feidhmiú futhi.

Tá mé téin cinnte nach stopfar meath na bpobal le Gaeilge da uireasa sin. Creidim gur seafoid é muide, na diagraiseoirí Gaeltacht, a, nó Aire na Ghaeltachta ná aoinne eile, bheith ag caint faoi thaoide na staire a chasadach - anois ag an noimead deireannach - mura gcuirtear féinrialú Gaeltachta i bhfeidhm Laithreach.

Níl mé ag tracht ar imirce ná ar easpa oibre na ar chúrsaí eacnamaíochta de chinéal ar bith. Tá mé ag caint mar gheall ar an athrú teanga atá ar siúl i nGhaeltacht na hÉireann le 200 bliain agus atá ar siúl i gconaí sna

piosaí beaga Ghaeltachta atá fágtha. ATHRÚ TEANGA, ní imirce, ní easpa fostáochta a chuir deireadh leis an Ghaeltacht i bparóiste i ndiaidh pharóiste ar fud Thír Chonaill agus chuile aít eile. Tá fhios agaibh féin é sin.

Tá fhios agaibh go bhfuil pobail thart timpeall oraibh a bhí ag labhairt Gaeilge 30 bliain ó shin agus nach bhfuil a labhairtanois. Ní imirce na easpa fostáochta a mhabair iad mar phobail Ghaeltachta, ach athrú ó Gaeilge go Bearla. Agus tá an rud ceannann ceanna ar siúl imeasc an

40,000 cainteoirí Gaeilge atá fágtha sa nGhaeltacht.

Leanfaidh sé sin - tuige nach leanfadh? - fhaid is nach ndeanfar an 40,000 duine seo freagrach go polaitiúil as a saol agus a gcúrsaí féin idir scolaíocht agus scoileanna, idir thalmhaíocht, iascaireacht agus thionscail, idir phinsin, liúntais agus cheadnáis phleanála, leabharlanna agus bhóithre agus chéibheanna. Nior mhair mionlach teanga riamh gan smacht a bheith aige ar a shaol féin agus forais pholaitiúla faoine choinne sin.

Is é seo atá i gceist agam; coras féinrialaithe, mar reigiún den stát, a sholáthar don 40,000 duine sin. Nílimid ag caint ar ndóigh ach faoi phobail a bhfuil an Ghaeilge mar ghnaththeanga bheo acu. Táimid dairíre. Níl suim againn sna limistéirí sin a dtugann Baile Átha Cliath "Gaeltacht" orthu, ach sna limistéirí a bhfuil an Ghaeilge bheo iontu. Nílimid ag iarraidh ar gcuideadh duthracha a chur amu ar neamhni.

De réir m' eolais fein, tá timpeall 17 de "Oileán Ghaeilge" fágtha i bhfarraige an Bhéarla. Tá Conamara Theas agus Oileán Arann ann - sin ceantar amháin agus 13,300 duine ann. Tá an ceantar ó Loch an Iúir go Cnoc Fola, Toraigh agus an Fál Carrach ann (8-9000 duine). Tugaimis "Cnoc Fola" air. Síriú iad anois an dá "Oileán" mhóra Gaeilge.

Sna "hOileán" bheaga eile - 15 acu, abraimis - tá daonra idir 150 agus 1300 i ngach ceann acu. An chuid is mó acu NÍL MILE DUINE IONTU.



D'oscail Aire na Ghaeltachta, Tomás Ó Domhnaill, T.D. an taispeantas "An Ghaeltacht Bheo" i Ireland House, Faiche Stiabna, Baile Átha Cliath.

Sa phictuir seo, tá Máire Uí Ghallaghoir ag teaspaint ceann de n-earraí a monarcain - Cniotail Cnoc Fola - do (ó cle) An tAthair Eoghan Ó Frithil, Gaoth Dobhair, Dún na nGall; Sorcha Nic Aoidh, Coláiste N. Fionan, An Falcarrach, Dún na nGall; Cathal Mac Gabhann, Bainistoir Ginearalta, Gaeltarra Éireann; agus an tAthair Mac Duibhir, Gleann Coimcille Dun na nGall.

ceantair.

An Chomhairle Reigiúnach agus na Comhairlí Ceantair glacann siad curaimí na Rána Stáit agus na n-údarás contae orthu féin laistigh den Ghaeltacht. Ní gá do mhuintir na Ghaeltachta bheith ag deileáil le húdoras ar bith eile ach an Oifig Cheantair agus - más cursaí móra atá i gceist - an Oifig Reigiúnach. Bíonn Gaeltarra Éireann ag obair de réir pholasaithe atá leagtha sios go ginearálta ag an gComhairle Reigiúnach agus go háitiúil ag na Comhairli Ceantair.

IONADAÍOCHT AR AN gCOMHAIRLE REIGIÚNACH (Comhairle na Ghaeltachta). Tá an ionadaíocht ar an gComhairle seo rointe go cothrom-leath agus leath - idir Conamara Theas agus Cnoc Fola sa gcéad chás de, agus na ceantair eile in éineacht le Rath Cairn ós a choinne sin.

Dá mbeadh a leitheid sin de chórás ag feidhmiú ní bheadh ceist ar bith ann faoi phobalscoil "dhátheangach" a thogaíl do Gháeltacht na Rosann agus do Gháeltacht Gaoth Dobhair le chéile, ná faoi phobalscoil sa bhFál Carrach do Chloch Chionnaola agus do limistéirí Galltachta - más ceart a thuigim an scéal. Seafoid ghlan; Ach faraor, is é an paroisteachas mallaithre Gaeltachta is cúis leis.

Bheadh scoileanna Gaelacha da gcuidean fein ar fad ag ceantar Gaeltachta Chnoc Fola, agus bheadh scoileanna Béarla dá gcuidean fein ag na ceantair Béarla maguaird. Láimhseofaí SCOLAÍOCHT CHEANTAIR CHNOC FOLA mar AONAD SCOLAÍOCHTA AMHÁIN, is e sin, mar aonad scolaíochta Gaeilge agus Gaeltachta. Tá an ceantar Gaeltachta seo a stróiceadh as a cheile ag státseirbhisigh Bhaile Átha Cliath agus a muintir ag comhoibriú leo tr i easaontas agus easpa féinrialtais.

Ar aon chaoi, céntuairim atá agaibh den phlean sin? Bhfuil aoinne agaibh sásta an chuid de a bhaineann le Tír Chonaill, nó an pleán ina iomláine, a leasú? Bhfuil na hainmneacha atá tugtha agam ar na ceantair sásuil? Mura

## CONAMARA THEAS (ARCHONNACHT)

Ceantar den Reigiún

Ghaeltachta

Doonta: 13,300

7 bpobal (wards)

X An Teach Dóite

Vachtair Árd

Rosmuc

Cárna

AN CHEATHRÚ RUA

AN SPÓEAL

Baile an Spidéil

AN DÓIRE NE

INDREANN

CNOC NA HAILLE

Pobal sibhialta

Patóistí den Denise

Ghaeltachta

Oifig riatacháin an

Chomhairle Cheantair

Láirfeadh an Reigiún

Ghaeltachta

Mar an

gcéanna

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

0

# Cúrsaí Spóirt



## Turas go Túr Mhic Éidigh

### Comórtas Peile

Bhí an lá tírim ach cha raibh grian ar bith ann agus bhí an fuacht ag bagairt i rith an ama. Lá maith fá choinne cluiche peile - cluiche amháin - ach sar a raibh an lá caite bhí dhá chluiche imithe ag foireann AnCO agus trí cinn imirte ag foireann G.T. agus foireann giseacháí Cill Carthaigh araon agus murar bhain siad craobh peile ar bith, cinnte do bhaineadar uilig mo chraobhsa as ucht a n-iarrachtaí ar an phairc, agus cha raibh de thacaíocht acu ach iad fhéin, Críostaí Ó Broin tiománaí an Mhinibus ó Cill Carthaigh, agus mé féin.

Siad foireann AnCO a ba thúsce ar an pháirc thart fán a h-aondéag ar maidin. Cha raibh an form iontach maith - turas fada anuas ó Thír Chonaill an oíche roimhre, béile mór i Sligeach ar an chasán, agus oíche phléisíúrtha ina dhiadh sin ag caidrimh le m'huintir Turmhiceidigh. Mar sin féin scioth siad leo an cluiche. Rinne muintir G.T. amhlaidh san chéad cluiche a d'imreanadair san, iad uilig ag imirt go maith. Ach bhí an lá fada. Cha dtáinig na foirne go léir agus athruigheadh na cluichí thart chun comórtas níos cothroime a dhéanamh de. Bhí an t-ádh le muintir Turmhiceidigh, fuair siad direach ar aghaidh go dtí an cluiche leath-cheannais, amach go maith sa tráthnóna.

Am dinneára, chuaigh mé féin ag spaisteoirreacht thart fríd an Pháiste, siar an chasán i dtús baire go dtí an ait ina raibh mhuintir G.T. ag cur futha - ar imeall na farraige, mar a dúirt Eoiní Beag; sé Loch Measca a bhí i gceist agus b' e an rud amháin é agus an farraige bhí sé chomh mór sin. Tharla gur shiúl mé isteach i sean reilig. Níor chuir mé ach gnáth suim ann go dtí go fhoghlaímíos go raibh reilig eile ann thart ar theach an phobail a raibh thart fa'n aois cheáanna aige. Bhí cuid mhór de na h-uaigneanna sa reilig thiart ar bhrúch na locha gan leac ar bith orthu. Tá an chosúlacht orthu gur cuireadh daoine aimsear an Ghorta, nó i ndiaidh an Ghorta nuair nach raibh i nduine muinteartha leobhta fágtha chun leacht a thogail. Bhí sé suimiúl fosta 'Dever' agus 'Boyle' a theiceáil, a chuireadh - Dia le na n-anam - tá thart fá céad bliain ó shin. Surálta ba de bhunadh Thír Chonaill iad.

San reilig eile thart ar theach a Phobail ní raibh an oiread céadna uaigheanna gan leacanna. Ní fheadar a raibh taobh bhocht ar an Pháiste? nó caidé ba chúis leis.

Fad agus a bhíos a mheabhrú ar an mhuintir d' imigh romháinn bhualá mé isteach ar fhotrach an sean team-paill Phrotastúnaigh fostá. Ní fhéadfainn teach an Phobail a

thabhairt air. Seipéal pearsanta a bhí ann de reir dealraimh, Pearsanta don chead Baron Plunkett, Easbog Béal Átha na Róba. Mheas mé féin go raibh suim faoi leith ann do mhuintir iar-thuaisceart Thír Chonaill agus dáiríre tá ábhar alt eile ann. Bhí teas latharnach sa seipéal direach ar an dóigh chéana agus a bhí i dteampaill Dún Luithche. Bhí an sean sorn fós lé"feiceáil, déanta i mbéal Feirsde. Bhféidir go scriobhfá scéala na dteampaill úd amach anseo. B' éigin damh féin pilleadh ar an pheil agus is fearrde innsint fá dtaobh de.

Bhí se amach sa tráthnóna sar a thosaigh siad ar na cluichi leath cheannais. Buaileadh AnCO. Bhain muintir G.T. a cluiche-sa agus bhí cluiche maith bríomhar ann. Shuif siad isteach sa Mhinibus ansin agus is ansin amháin a d'imir mé mo pháirtsa - cheannaigh mé tae agus ceapairí fa choinne an dá fhoireamh. Ach níorbh leor an tae. Bhí an fuacht ar mhuintir G.T. faoin am seo agus ní raibh imirte ag mhuintir Turmhiceidigh ach an cluiche amháin. Bhíodar san úr, agus ag imirt iontach maith an lá céanna. Bhí mé féin taréis a mothú gurbh é an dóigh a bhfear le'n iad a bhuaileadh na cùl no beirt a fháil gasta, agus d'innis mé an scéal seo d'fhuireann seo agaíneach bhí siad tuisceach agus mar bualadh iad théin níor bualadh gan troid iad. Fiú is go raibh siad ag smaoineadh ar chomórtas peile na Gaeltachta latharna mhárách (agus bhuaidh siad an cluiche seo) D'imir siad peil ar dóigh, Mícheál Mhíci Joe Bán, Néillí, Eoiní Beag, Mícheál Ó Duibhir, Connie Charlie Willie, ní imir a nduine acu níos fearr ná an duine eile.

Ba thruagh ar fad gurab éigin díobháil pilleadh a bhaile comh gasta an oíche sin. Do challeadar oíche mhaith i dtigh leáanna Máire Lukes. Bhí mé fhéin ann nó go dtáinig na diabhal gardaí.

An scéal is truaighmhealaí amach as comórtasí na deire seachtaire, bhain sé le foireann girseacháí Cill Carthaigh. Bhuaileadar foireann Turmhiceidigh, ach de bharr nach raibh go leor foirne ann d'imir mhuintir Turmhiceidigh don darna h-uair agus buaileadar sa mhuintir Chorcaí. San cluiche cheannais ansin bhí mhuintir Turmhiceidigh cíochrach chun buadh chaint agus bhí an lá leo.

Ar mo chasan a bhaile damh Dé Domhnaigh thainig me arais tré Pontoon, agus bhí mé ag tiomaint go sochallach im aonair. Bhíos ag smaoitiú - le cuidiú Dé beidh mé arís ann. Beidh muintir G.T. arís ann cibé ar bith.

### Tuairisc

### Pheigi Rose

Réamhrá beag an chéad uair. Tá daoine ann nach leor doibh alt a léamh agus a mheas. Is suim leo pearsantachtaí. Is breá leo fáil amach cé a scriobh rud. Scriobhaimse sleachta do "An tUllach": Chuala mé go raibh daoine airithe ag rá gurb é Séamus O Colla a scriobhas altanna Pheigi Rose. Níl baint ná páirt aige leo. Níl gaol fola na cleamhnais (go bhfios domh) idir Peigi Rose agus Séamus O Colla. Ní mise Séamus O Colla agus gabhaim mo leithsceáil o'chroí leis má chuir daoine mo chuid ramhaillise ina leith. Is cuma sa tsioc cé mise.

Níl sé deacair cuntas a thabhairt ar an cluiche seo idir Gaoth Dobhair agus Sean Mac Cumhaill (Bealach Feich-Srath an Urláir) a scriobh i Machaire Gathlain ar an Domhnach deireannach de mhí an Aibreáin. Bhí lá breá tirim aon, gaoth nach raibh laidir ag seideadh isteach on farraige, bearradh fuar i gceart san aer. Shioc sé oíche Shathairn. D'imir Gaoth Dobhair leis an ghaoth sa chead leath. Fuair Seamus Phaddy Rosie (Mac Gairbheith) pointe taobh

istigh de bhomaite. Pádraig Ó Brisleain cul, indiaidh ceithre bhomaite, Peadar Ó Brisleain dhá phointe indiaidh a cheile sula bhfuair foireann Bhealach Feich scór indiaidh deich mbomaite - scoith pointe o dhropchic Uí Laifeartaigh. Fuair Neilly Jimmy John (Niall Ó Gallchoir) dhá phointe eile, Peadar Ó Brisleain cul, Prionsias Ó Cearúil pointe, Neilly cul agus Pádraig Ó Brisleain pointe. Leath-ama - Gaoth Dobhair 3-7 Sean Mac Cumhaill 0-1. Neilly pointe, Peadar pointe. Ansín idir an naoú bomaite agus an t-ochtú bomaite déag fuair na Mc Cools ceithre phointe gan aon scór ó Gaoth Dobhair. Fuair an fear ionaid Uinseann Ó Brisleain pointe ansin. Caoimhín Mac Doinnleibhe ceann eile. Na Mc Cools dhá phointe, Peadar cul, Caoimhín pointe. Gaoth Dobhair 4-12 Sean Mac Cumhaill 1-7. D'imir Gaoth Dobhair go maith cé go raibh an mhuintir eile lag. Tá na Brisleanaigh ag imirt go maith sna tosaithe. Tá Mac Gairbheith mór agus laidir agus é ag bisiú. Tá Prionsias Ó Cearúil ina pheileadoir bhreá.

Tá iarracht mhor a dhéanamh le

peil idir cluabann a chur ar a cosa sa Chontae. Tá dhá shraith ann anois - aon chlub déag sa chéad ceann, dhá chéann déag sa dara ceann. Triúr deag a bhíos ar gach foireann. Bion aon cluiche déag

sa Chontae gach Domhnach. Bionna torthaí ar Raidio na Gaeltachta agus ar pháipéair an Luain. Tá reiteoirí oifigiúla ainmnithe. Tiontaíonn siad suas. Ní bhíonn na cluichí i bhfad ro-mhail ag tosú. Thosaigh an cluiche seo roimh cheathru mbomaite mall. Bhí scata reasúnta aige, cé go bhfuil barúil agam gur i nGaoth Dobhair amháin a bheadh a leithéid. Níl gach rud sásúil go fóill. Bhí foireann Bhealach Feich an-lag. Ni raibh Mac Meanman na Mac Ficheallaigh acu. Chuala mé go raibh tachran thrí bliana déag ag imirt do na Dúnaibh ar an Chlochan Liath agus gan ag an cluiche ach cúpla duine. Ach tá biseach tagtha ar chúrsáí. Is iad na clubanna cnámh droma CLCG. Is é príomhfhuinte bua i gegraobh Uladh ná na hEireann ná go spreagann sé peil sna clubanna.

Ba cluiche glan é. Ní bheifeá ag dul lena mhalaire o'thara é bheith comh haontaobhach sin. Ba cluiche pleisiúrtha é, cluiche sultmar. Ach bhí cúpla ócaid ann a dheimhnigh an bharúil seo agam go bhfuil daoine ann nach bhfuil a dhfobháil orthu ach an seans le troid. Ní théimse chuig cluichí le troid a feiceáil. Is síocháiní mé. Is fuath liom an dornmheon. Rud amaideach é. Rud cladhaireach é. Ach tá traidisiún leitheadach i gCumann Luthchleas Gael gur fearúil an rud é. Droch-thraidiúin é sin.

Labhráim ar dhroch-thraidiúin eile - is e sin a bheith ag imirt daoine thar an aois. Is daoine mi-ionraí e aineiolacha nach dtuigeann cuspoiri na heagraíochta iad na daoine seo a imrionn stocaigh thar an aois. Is é an trua mhuire gur minic gur daoine iad a bhfuil údarás agus tionchur acu ar an oige. Measann siad gurb é an bua an t-aon rud tábhachtach, gur tabhacthaí e na macántacht. Tuigeann cuid againn nach bhfuil sin fíor.

Bhí reiteoir maith i Machaire Gathlain - Rianach as an Tearmann. Bhí se dian. Tá rialacha imeartha an chumainn an-sholúbtha. Tabhar-fainn féin ar gach reiteoir cursa agus scrúdú a dhéanamh agus teatas a ghnothú. Bímis amaitearach ach éifeachtach. Fiú mar atá rudai faoi láthair creidimh féin gur beag reiteoir a théann amach le cuidiú le foireann amháin ná foireann eile. Rud amaideach agus rud samhnasach e'bheith ag scairtigh leis an reiteoir. Agus am amú. Rud náireach do-mhaith e'bheith ag iarraidh e a bhualadh ná a bheith ag bagairt air.

Méalmis peileadoir mór. Is iontach an tséipheas atá tugtha ag Neilly Jimmy John do Gaoth Dobhair. Dílseachta. Peileadoir ealaíonta cliste glan spórtúil dícheallach é. Bhí Gaoth Dobhair ag baint le scór mór. Bhí Neilly ag iompar na liathróide. Chuala mé Donall Ó Brisleain ag scairtigh leis 'Buail é. Muirfeidh tú tú féin. Tá dochas agam.

B' sheo foireann Gaoth Dobhair; Alan Boyd; Seán Ó Duibhir Pádraig Mac Giolla Bhríde; Dónall Ó Brisleain Timlin Ó Ceardaigh Cathal Ó Donaill; Mícheál Ó Gallchóir; Séamus Mac Gairbheith; Caoimhín Mac Doinnleibhe Prionsias Ó Clearúill; Niall Ó Gallchóir Peadar Ó Brisleain; Pádraig Ó Brisleain-